SCOIL AN TSRATHA MHÓIR
Gleann Domhain, Mín an Labáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
Uimhir Fón: 074 9137454 | ríomhphost:oifig@stramorens.ie

Beartas Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi.

Bí Cineálta Policy to Prevent and Address Bullying Behaviour

Ghlac Bord Bainistíocht **Scoil an tSratha Mhóir** leis an mBeartas seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.
*The Board of Management of **Scoil an tSratha Mhóir** has adopted the following policy to prevent and address bullying behaviour.*

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.
This policy fully complies with the requirements of Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.
The Board of Management acknowledges that bullying behaviour interferes with the rights of the child as set out in the United Nations Convention on the Rights of the Child. We all, as a school community, have a responsibility to work together to prevent and address bullying behaviour and to deal with the negative impact of bullying behaviour.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.
We are committed to ensuring that all students who attend our school are kept safe from harm and that the wellbeing of our students is at the forefront of everything that we do. We recognise the negative impact that bullying behaviour can have on the lives of our students and we are fully committed to preventing and addressing bullying behaviour.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.
We confirm that we will, in accordance with our obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the harassment of students or staff on any of the nine grounds specified: gender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

Sainmhíniú ar an mbulaíocht *Definition of bullying*

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Bullying is defined in Cineáltas: Action Plan on Bullying and Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools as targeted behaviour, online or offline that causes harm. The harm caused can be physical, social and/or emotional in nature. Bullying behaviour is repeated over time and involves an imbalance of power in relationships between two people or groups of people in society. The detailed definition is provided in Chapter 2 of the Bí Cineálta procedures.

Ní mór do gach scoil Beartas Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

Each school is required to develop and implement a Bí Cineálta policy that sets out how the school community prevents and addresses bullying behaviour. Strategies to deal with inappropriate behaviour that is not bullying behaviour are provided for within the school's Code of Behaviour.

Mír A:

Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Development/review of our Bí Cineálta policy to prevent and address bullying behaviour

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an bheartais seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin *Date consulted*	Modh comhairliúcháin *Method of consultation*
Foireann na Scoile *School Staff*	Bealtaine 2025	Leath-Lá Inseirbhíse Suirbhé Foirne
Scoláirí *Students*	Bealtaine 2025	Suirbhé ar ranganna 3-6
Tuismitheoirí *Parents*	Bealtaine - 2026	Suirbhé ar an chomhphobal
Bord Bainistíochta *Board of Management*		
Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) *Wider school community as appropriate, for example, bus drivers*		Tiománaí Bus
An dáta ar faomhadh an polasaí: Mí na Samhna 2026 *Date policy was approved Mí na Samhna 2026*		
An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: Mí na Samhna 2026 *Date policy was last reviewed:* Mí na Samhna 2026		

Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc ***Preventing Bullying Behaviour***

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).
This section sets out the prevention strategies that will be used by the school. These include strategies specifically aimed at preventing online bullying behaviour, homophobic and transphobic bullying behaviour, racist bullying behaviour, sexist bullying behaviour and sexual harassment as appropriate (see Chapter 5 of the Bí Cineálta procedures):

- **Cosc**: ***Prevention:***
  Trí chomhbhá a ghiniúint agus oiliúint a chur ar fáil a sholáthraíonn bunchloch don eolas, don mheas, don chomhionannas agus don ionchuimsitheach.
  Through the generation of empathy and the provision of training which provides a foundation for knowledge, respect, equality and inclusion.

- **Tacaíocht**: ***Support***
  Tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe atá bunaithe ar chontanam riachtanas agus a sholáthraíonn creat dár bpobal scoile chun oibriú le chéile.
  Tangible and targeted supports based on a continuum of needs which provide a framework for our school community to work together.

- **Maoirseacht**: ***Oversight***
  Cruthaíonn ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus do dhaoine óga agus do gach ball dár bpobal scoile.
  Visible leadership creates positive environments for children and young people and all members of our school community.

- **Pobal**: ***Community***
  Pobail scoile ionchuimsitheacha a thógáil atá nasctha leis an tsochaí agus a thacaíonn le caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha agus a chothaíonn iad.
  Building inclusive school communities that are connected to society, and that support and nurture positive relationships and partnerships. (Cineáltas Lch 15)

Straitéisí Oideachais agus Coiscthe ***Education and prevention strategies***

Seo a leanas na **straitéisí oideachais agus coiscthe** (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil.
*The **education and prevention strategies** (including strategies specifically aimed at cyber- bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying) that will be used by the school are as follows (see Section 6.5 of the Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools)*

Cothaítear **cultúr dearfach** sa scoil trí na nósanna imeachta agus na cleachtais seo:

- Conradh ranga ag an oide ranga agus na daltaí ag tús na scoilbhliana,
  Class Contract devised and agreed by teacher and students at the beginning of the year.

- Tionóil gach seachtain - Leagtar béim ar fhéinmheas, difríochtaí, buanna a cheiliúradh agus aitheantas agus moladh a thabhairt do dhea-iompar
  Assembly every week (infants – second class) and Senior Classes (Third to Sixth classes). Emphasis is placed on self-respect, differences, celebrating talents and rewarding good behaviour.

- Curaclam Oideachais, Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG),An Clár Bí Sábháilte. *The Social, Personal and Health Education (SPHE) Curriculum and Relationships and Sexuality Education (RSE), the Stay Safe Programme.*

- Oideachas Reiligiúnach. *Religious Education*.

- Cabhraítear le páistí comhbhá a fhorbairt trí mhothúcháin a phlé agus trí iarracht a dhéanamh iad féin a chur i staid dhaoine eile.

Pupils are helped to develop empathy by discussing feelings and by trying to put themselves in the place of others.

- Leanaimid na moltaí atá leagtha amach inár gCód Iompair chun dea-iompair a spreagadh, a mhúnlú agus a mhúineadh.
  We follow the guidelines as laid down in our Code of Behaviour to promote, to model and to teach acceptable behaviour.

- Beartas Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur chun cinn- cóip le bheith ag gach múinteoir agus an polasaí ar fáil/ le feiceáil ar shuíomh gréasáin na scoile.
  Development and promotion of the Bí Cineálta policy for the school – each teacher will have a copy of the policy and it will also be available for all on the school website.

- Cultúr a chruthú ina n-insíonn na páistí má tá bulaíocht ar siúl, le béim faoi leith orthu siúd a fheiceann iompar bulaíochta. Ba chóir go gcuirfear na páistí ar an eolas nach bhfuil siad ag "insint scéalta" nuair a insíonn siad faoi bhulaíocht ach gur iompar freagrach atá ann. Tabharfar aitheantas ar na gníomhaíochtaí molta sa Phlean Ghnímh don FMS agus Boscaí 'Aon scéal?' in úsáid sna seomra go minic.
  Encourage a culture of telling, with particular emphasis on the importance of bystanders. In that way pupils will gain confidence in 'telling'. This confidence factor is of vital importance. It should be made clear to all pupils that when they report incidents of bullying they are not considered to be telling tales but are behaving responsibly. We recognise the actions in our School SSE Plan and boxes 'Aon scéal?' used regularly in classes.

  Béim a chur ar chumarsáid dhearfach le tuismitheoirí chun aitheantas ar chineáltas, iompar freagrach i leith bulaíocht féideartha agus/ nó feabhas tagtha ar iompar a cheiliúradh.
  Emphasis on positive communication with parents to celebrate kindness, responsible behaviour with regard to potential bullying and/ or improvements in behaviour.

- Déanfaidh an fhoireann machnamh faoi leith ar na riachtanais breise a d'fhéadfadh a bheith ag páistí le riachtanais speisialta oideachais nuair atá cláracha á gcur i bhfeidhm agus na scileanna agus straitéisí oiriúnacha a mhúineadh ionas gur féidir leis an bpáiste dul i ngleic leis an ábhar.
  The school will specifically consider the additional needs of SEN pupils with regard to programme implementation and the development of skills and strategies to enable all pupils to respond appropriately.

- Aoichainteoirí/ Compántais Drámaíochta srl do thusimitheoirí agus do dhaltaí.
  Guest speakers and drama groups etc for parents and pupils.

- Modheolaíochtaí – obair i bpéirí, obair chomhoibritheach srl.
  Methodologies – working in pairs, cooperative work etc.

- Áit suí sa rang a athrú go rialta. *Regular rotation of class seating.*
- An fhoireann go léir airdeallach ar pháistí leochailleacha.
  Staff awareness of vulnerable children.

- Tagairt rialta ar bhulaíocht agus ar Bheartas Frithbhulaíochta na scoile.
  Frequent discussion /reference to bullying and the School's Anti Bullying Policy.

- Seachtain an Chairdis/ Seachtain Folláine bhliantúil.
  Annual Friendship / \WellbeingWeek.

- Deis Ranganna/ páistí aonaracha a athrú faoin bPolasaí ar Struchtúr Ranga.
  Opportunity to change classes/ individual children under the Class Structure Policy.

- Webwise- sábháilteacht ar líne do pháistí- áiseanna i nGaeilge.
  Webwise – online safety for children.

- Straitéisí eile ó chláir éagsúla (m.sh Am Ciorcail, Cleachtas Aisiríoch, Sticks and Stones) comhaontaithe ag leibhéil bainistíochta de agus traenáil foirne curtha ar fáil go tráthúil.
  Strategies from other programmes (e.g Circle Time Restorative Practice, Sticks and Stones) agreed at management level and staff training provided in a timely manner

Neamhchothroime cumhachta *Imbalance of power*

In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an leanbh nó ar an duine óg atá ag fulaingt an iompair bulaíochta é féin nó í féin a chosaint de bhrí go bhfuil mí-úsáid á baint as neamhchothroime cumhachta, bíodh an neamhchothroime cumhachta sin fíor nó braite.
D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifríochtaí a bhaineann le:-
In incidents of bullying, the child or young person experiencing the bullying behaviour finds it hard to defend themselves as a result of the abuse of a real or perceived imbalance of power. This imbalance of power may manifest itself through differences in:-

- Méid - *size*
- Neart - *strength*
- Aois - *age*
- Cumas - *ability*
- Cumhacht an phiarghrúpa, - *peer group power*
- Stádas eacnamaíochta, - *economic status*
- Stádas sóisialta,- *social status*
- Reiligiún - *religion*
- Cine - *race*
- Bunús eitneach lena náirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach - *ethnic origin including membership of the Traveller and/or Roma communities*
- Gnéaschlaonadh - *sexual orientation*
- Cúinsí teaghlaigh - *family circumstances*
- Inscne - *gender*
- Féiniúlacht inscne - *gender identity*
- Léiriú inscne - *gender expression,*
- Taithí ar an gcóras cúraim - *experience of the care system*
- Míchumas - *disability*
- Ag fáil oideachas speisialta - *the receipt of special education*

In eachtraí a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnideacht ar líne, inniúlacht theicniúil agus seilbh ar

fhaisnéis/íomhánna/fhíseáin, agus nach bhfuil an duine ar a bhfuil an tiompar dírithe ábalta ábhar maslach ar líne a bhaint nó éalú ón mbulaíocht.
In incidents of online (or cyber) bullying, the imbalance of power may relate to online anonymity, technical proficiency and possession of information/images/video, and the inability of the targeted person to remove offensive online material or escape the bullying

Tá na beartais maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.
The school has the following supervision and monitoring policies in place to prevent and address bullying behaviour

- Cód Iompair *Code of Behaviour*
- Ráiteas Um Chumhdach Leanaí *Child Safeguarding Statement*
- Polasaí Úsáid Inghlactha *Acceptable Use Policy*

Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta *Addressing Bullying Behaviour*

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:
The teacher(s) with responsibility for addressing bullying behaviour is (are) as follows:

Gach múinteoir ranga
Neasa Uí Dhochartaigh
Vanessa Uí Churráin
An múinteoir Oideachas Speisialta

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

When bullying behaviour occurs, the school will:

- A chinntiú go néistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
  ensure that the student experiencing bullying behaviour is heard and reassured.
- Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
  seek to ensure the privacy of those involved.
- Gach comhrá go híogair.
  conduct all conversations with sensitivity.
- Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.
  consider the age and ability of those involved.
- A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
  listen to the views of the student who is experiencing the bullying behaviour as to how best to address the situation.
- A ghníomhú go tráthúil.
  take action in a timely manner.
- Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

inform parents of those involved.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a ghlacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn
The steps that will be taken by the school to determine if bullying behaviour has occurred, the approaches taken to address the bullying behaviour and to review progress are as follows

Taifead ar Iompar Bulaíochta *Recording of Bullying Behaviour*

Is riachtanas í go bhfuil eolas fíriciúil sa taifead agus nach bhfuil siad claonta ar thaobh amháin nó ar thaobh eile. Seo a leanas na nósanna imeacht scoile maidir le hiompar bulaíochta a thaifead is a thuairisc;
It is imperative that all recording of bullying incidents must be done in an objective and factual manner. The school's procedures for noting and reporting bullying behaviour are as follows;

- **Neamhfhoirmeálta – Réamhchinneadh ar bhulaíocht.**
  Informal - pre-determination that bullying has occurred

  Bainfear leas as Aguisín 2 chun an t-oide a thacú ar chinneadh a thógáil
  Appendix 2 will be used to support a decision being made

1. Agus tuairisc ar iompar bhulaíochta á fhiosrú ag oide, lorgófar freagraí ar na ceisteanna molta sna treoirlínte Bí Cineálta
   a) An bhfuil an iompar dírithe ar dhalta ar leith nó ar ghrúpa daltaí?
   b) An bhfuil sé mar aidhm ag an iompar dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach a dhéanamh?
   c) An bhfuil an t-iompar déanta arís agus arís?

   When investigating reports of bullying behaviour, the teacher will seek answers to 3 questions recommended in the Bí Cineálta Guidelines.
   a) Is the behaviour targeted at a particular student or group of students?
   b) Is the behaviour intended to cause physical, social or emotional harm?
   c) Is the behaviour repeated?

2. Más grúpa atá i gceist, cuirfear agallaimh aonair ar gach ball den ghrúpa agus ansin castar leo go léir le chéile mar ghrúpa. Iarrfar ar gach ball den ghrúpa a chuntas den eachtra a thabhairt ionas go mbeidh a fhios ag gach duine cad atá raite ag gach duine eile. D'fhéadfaí agallamh a chur ar phaistí eile chomh maith chun léargas níor fearr a fháil.
   If a group is involved, each member will be interviewed individually and then the individuals are met as a group. Each group member will be asked for his/her account of what happened to ensure that everyone is clear about what everyone else has said. Other pupils may also be interviewed to get a clearer picture.

3. D'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí a bhí bainteach leis an eachtra a gcuntas a scríobh.
   It may be appropriate or helpful to ask those involved to write down their account of incidents.

4. Is gá don mhúinteoir ábhartha an príomhoide a chur ar an eolas maidir le heachtraí atá faoi imscrúdú.
   The relevant teacher must inform the principal of all incidents being investigated

5. Coinneofar tuairisc/aguisín i gcomhad an pháiste agus déanfar tagairt do seo ar Aladdin.
   Record notes / appendix will be kept in the child's file and a note referring to these documents will be made on Aladdin.

Más rud go bhfuil Tá mar fhreagra ar (a) 1(b) agus 1(c) thuas tógfar cinneadh gur iompar bhulaíochta atá i gceist. Sa chás go bhfuil Níl mar fhreagra ar cheann amháin tógfar cinneadh nach iompar bhulaíochta atá i gceist agus bainfear leas as an gCód Iompair más cuí.
If answers to 1(a), 1(b) and 19c) above are all Yes then a decision is made that bullying behaviour has occurred. If No is answered to any of the questions then a decision is made that this is not bullying behaviour. In this case, the Code of Behaviour will apply where suitable.

- **Céim Foirmeálta – cinneadh gur tharla bulaíocht.**
  Formal Stage - determination that bullying has occurred

Má dhéantar cinneadh gur bulaiocht atá ann leanfar leis an bpróiseas idirghabhála seo a leanas faoi stiúir an phríomhoide. Coiméadfar taifead de seo trí Aguisín 3 a úsáid.
If it has been determined that bullying has occurred the following Intervention strategies will be initiated by the Principal. A Record of this is kept through the use of Appendix 3

Céim 1: Straitéisí Idirghabhála: Step 1: Intervention Strategies:

1. Tabharfar rabhadh oifigiúil don dalta éirí as an iompar bulaíochta.
   The pupil will be warned officially to stop the bullying behaviour.

2. Mínítear don pháiste go soiléir gur sháraigh sí/sé Beartas Bí Cineálta na scoile agus déanfar iarracht go bhféachfadh sé/sí an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á dhéanamh air nó uirthi.

   It will be made clear to the pupil or pupils who have engaged in bullying behaviour that such behaviour is unacceptable, that it is in breach of the school's Bí Cineálta policy and every effort will be made to try to get him/her/them to see the situation from the point of view of the child who is being bullied.

3. Cuirfear tuistí na bpáirtithe ar an eolas faoin scéal agus míneofar na bearta a dhéanfar dóibh. Pléifear na slite ina bhféadfadh siad bearta na scoile agus tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú.
   Parents of parties involved will be notified of the incident and actions being taken will be explained. Parents are given an opportunity of discussing ways in which they can reinforce or support the actions being taken by the school

4. Síneofar conradh/ráiteas/geallúint nach leanfar den iompar bulaíochta. Socrófar tréimhse suas go 20 lá scoile ionas gur féidir leis na páirtithe cuí léiriú go bhfuil réiteach tagtha ar an bhfadhb.

A contract /declaration/undertaking that the pupils will not engage in bullying behaviour. A period of no more than 20 school days will be initiated in so that the parties can show that the problem has been solved

5. Samplaí de smachtbhannaí a d'fhéadfaí a ghearradh ar dhaltaí ná
   Disciplinary Sanctions imposed at school may be

   - Scartha ón bpiarghrúpa ag am sosa/ lóin *Separation from peer group at break timess*
   - Fionraí inmheánach - *Internal suspension*
   - Pribhléidí bainte. *Withdrawal of privileges*

Ag deireadh na téimhse deimhnithe, sa chás go bhfuil na páirtithe cuí sásta, cuirfear tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil reiteach na faidhbe sroichte. Leanfar leis an monatóireacht ar bhonn sealadach. Sa chás nach bhfuil an fhadhb réitithe- breathnófar ar smachtbhainní agus ar stráitéisí nua agus cuirfear i bhfeidhm iad do thréimhse nua suas go 20 lá scoile ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an iompar.
If there has been no recurrence of the bullying behaviour during the confirmed school days and the parties are satisfied, the parents of the parties will be notified that the problem has been resolved. At this stage - strategies and sanctions will be revisited and a second time period of no more than 20 school days is agreed upon for the behaviour to improve.

.

Céim 2 -Taifead Foirmeálta. *Formal Recording*

Coiméadfar taifead de seo trí Aguisín 3 a úsáid.
Roinnfear figiúirí leis an mBord Bainistíochta ag tagairt do líon na gcásanna deimhnithe ar a raibh iompar bhulaíochta ar siúl. Beidh na figiúirí seo i bhfoirm tuairisc roinnte ag gach cruinniú agus ní roinnfear ainmeacha páistí.

Anuas air seo - roinnfear figiúirí leis an Roinn Oideachais ar bhonn bliantúil.

A Record of this is kept through the use of Appendix 3
All incidents of confirmed bullying behaviour are reported to the Board of Management as part of a report that will be shared at every meeting. This report will give figures and children will not be identified.

Figures will also be shared annually with the Department of Education on an annual basis.

Agus an cinneadh á dhéanamh ag an múinteoir ábhartha, mar chuid dá b(h)reithiúnas proifisiúnta, ar tugadh faoin gcás bulaíochta ar bhealach fónta agus oiriúnach, is gá dó/di machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas;
In determining whether a bullying case has been adequately and appropriately addressed the relevant teacher must, as part of his/her professional judgement, take the following factors into account:

- Ar tháinig deireadh leis an iompar bulaíochta.
  Whether the bullying behaviour has ceased.

- Ar socraíodh na deacrachtaí idir na páirtithe chomh fada agus is féidir.
  Whether any issues between the parties have been resolved as far as is practicable.

- Ar athchóiríodh an caidreamh idir na páirtithe chomh fada agus is féidir.
  Whether the relationships between the parties have been restored as far as is practicable.

- An bhfuil aon aiseolas ó na páirtithe éagsúla, a dtuismitheoirí, an príomhoide nó an príomhoide tánaisteach.
  Any feedback received from the parties involved, their parents or the school Principal or Deputy Principal

I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór dó/di an bhuairt a chur i scríbhinn chuig Bord Bainistíochta na Scoile laistigh de thréimhse 5 lá oibre ón lá a d'ardaigh siad a an bhuairt leis an bPríomhoide
In the event that a parent is not satisfied that the school has dealt with a bullying case in accordance with these procedures, he/she must convey the concern in writing to the Board Of Management within 5 working days of raising the concern with the Principal.

I gcás nach bhfuil sí/sé sásta le cinneadh an Bhoird, ní mór dó/ di gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí. (www.oco.ie)
In the event that a parent is dissatisfied with the outcome of the Board a complaint should be made to the Ombudsman for Children. (www.oco.ie)

1. **Iarratais gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh** ***Requests to take no action***

D'fhéadfadh sé go niarrfadh scoláire a dhéanann iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú ar bhall foirne gan aon rud a dhéanamh faoin iompraíocht seachas "faire amach" dó/di. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an scoláire ag iarraidh go n'aithneofaí é/í mar dhuine a sceith eolas le duine éigin faoin iompraíocht bhulaíochta. D'fhéadfadh sé go gceapfadh sé/sí go néireodh cúrsaí níos deacra dó/di dá n-inseofaí an scéal do dhuine éigin. Sa chás sin, tá sé tábhachtach don bhall foirne comhbhá a léiriú leis an scoláire, déileáil leis an gcás go tuisceanach agus labhairt leis an scoláire chun a oibriú amach le chéile cad iad na bearta is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcás agus conas a cuirfear a t(h)uismitheoirí ar an eolas. Tá sé tábhachtach go mothódh an scoláire a d'fhulaing iompraíocht bhulaíochta sábháilte.

D'fhéadfadh tuismitheoirí freisin scoileanna a chur ar an eolas faoi iompraíocht bhulaíochta a tharla agus a iarraidh ar an scoil go sonrach gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh. Ba chóir do thuismitheoirí an t-iarratas seo a dhéanamh chuig an scoil i scríbhinn nó ba chóir go n-éascófaí iad chun é sin a dhéanamh sa chás go bhfuil bacainní litearthachta nó inniúlachta digití nó bacainní teanga ann. Mar sin féin, agus iarratas an tuismitheora á chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh scoileanna, ag brath ar na cúinsí, go bhfuil sé oiriúnach dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.

A student reporting bullying behaviour may ask that a member of staff does nothing about the behaviour other than "look out" for them. The student may not want to be identified as having told someone about the bullying behaviour. They may feel that telling someone might make things more difficult for them. Where this occurs, it is important that the member of staff shows empathy to the student, deals with the matter sensitively and speaks with the student to work out together what steps can be taken to address the matter and how their parents will be informed of the situation. It is important that the student who has experienced bullying behaviour feels safe.

Parents may also make schools aware of bullying behaviour that has occurred and specifically request that the school take no action. Parents should put this request in writing to the school or be facilitated to do so where there are literacy, digital literacy or language barriers. However, while acknowledging the parent's request, schools may decide that, based on

the circumstances, it is appropriate to address the bullying behaviour.

Mír D: Maoirseacht : *Oversight*

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo.


The principal will present an update on bullying behaviour at each board of management meeting. This update will include the number of incidents of bullying behaviour that have been reported since the last meeting, the number of ongoing incidents and the total number of incidents since the beginning of the school year. Where incidents of bullying behaviour have occurred, the principal will also provide a verbal update which will include where relevant, information relating to trends and patterns identified, strategies used to address the bullying behaviour and any wider strategies to prevent and address bullying behaviour where relevant. This update does not contain personal or identifying information.

Tá an Beartas seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh gréasáin na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den bheartas seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.


This policy is available to our school community on the school's website and in hard copy on request. A student friendly version of this policy is displayed in the school and is also available on our website and in hard copy on request.

Déanfar an beartas seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an beartais seo.

This policy and its implementation will be reviewed, following input from our school community, each calendar year or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which this policy refers.



Sínithe: **Dáta** **05/11/2026**
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta



Sínithe: **Dáta:** **05/11/2026**
Príomhoide